
Foilsithe in The National Collection of Children's Books: https://nccb.tcd.ie/exhibit/bg257f178. Cóip an Údair.




# *Tubaiste ar an Titanic*

**Máire Zepf (údar) agus Olivia Golden (léaráidí),
Cló Mhaigh Eo, 2012.**

**(Léirmheas le Marie Whelton)**

Whelton, M. 'Tubaiste ar an Titanic (Zepf & Golden): Léirmheas.' Foilsithe in *The National Collection of Children's Books: Data Base*, 2015. https://nccb.tcd.ie/exhibit/bg257f178

Cé go dtagann Brídín agus Cormac ón gclann chéanna, is daoine difriúla iad agus tá spéiseanna éagsúla acu. Is breá le Brídín a bheith ag taiscéaladh ach is breá le Cormac a bheith ag léamh. Is duine ciallmhar stuama é Cormac ach is duine eachtrúil dílis í Brídín. Scéal faoi na heachtraí suaithinseacha go léir a bhaineann do na siblíní sin ar oíche chinniúnach amháin atá in Tubaiste ar an Titanic. Tá plota an scéil simplí go leor, agus baineann an t-údar úsáid as móitíf atá coitianta i litríocht na n-óg, is í sin móitíf an dorais draíochta chun fráma a thabhairt don scéal. Le cúnamh ón móitíf sin, éiríonn leis an údar scéal atá inste go han-mhinic, is é sin scéal an Titanic, a insint le húire agus ar bhealach a mhúsclóidh samhlaíocht an pháiste. Tá an mhóitíf le sonrú, freisin, san ealaín ar chlúdach an leabhair, áit a bhfuil bád mór le feiceáil trí pholl eochrach. Is fiú

Foilsithe in The National Collection of Children's Books: https://nccb.tcd.ie/exhibit/bg257f178. Cóip an Údair.

creatlach an scéil a líniú: bhí Cormac agus Brídín ag fanacht thar oíche i dteach a seantuismitheoirí. Shocraigh Cormac go n-éireodh sé chun féachaint lena thóirse ar na leabhair go léir a bhí ina sheomra. Lean Brídín a deartháir ach ní raibh an spéis chéanna aici i leabhair. Eochair, a bhí ar crochadh taobh leis an leabhragán, a ghabh aird Bhrídín, agus thaispeáin sí an eochair dá deartháir. D'éirigh léi doras aisteach amháin sa seomra a oscailt leis an eochair. Ar an taobh eile den doras, bhuail Brídín agus Cormac le cailín ar comhaois leo féin a bhí gléasta i seanéadaí feirme. Nóra an t-ainm a bhí uirthi. Chuaigh siad ag taiscéaladh léi ar feadh tamaillín agus, ansin, luaigh Nóra go raibh siad ar bord an Titanic. Ní fhéadfadh Cormac é a chreidiúint. Bhí scéal an Titanic ar eolas aige óna chuid léitheoireachta agus d'inis sé an scéal dá dheirfiúr. Rinne Cormac agus Brídín a seacht ndícheall chun Nóra agus a clann a thabhairt slán agus níor smaoinigh siad orthu féin go dtí go raibh a fhios acu go raibh siad go léir i mbád tarrthála. Is scéal eachtraíochta spreagúil lán fuinnimh é. Déantar forbairt ar théamaí tábhachtacha tríd an leabhar síos. I measc na dtéamaí is lárnaí, tá téama na dílseachta agus téama na difríochta.

Foilsithe in The National Collection of Children’s Books: https://nccb.tcd.ie/exhibit/bg257f178. Cóip an Údair.

Léirítear go bhfuil buanna sainiúla éagsúla ag gach duine. Ina theannta sin, tá an léitheoireacht féin léirithe mar ghníomhaíocht fhiúntach a osclaíonn doras na staire do pháistí.